# Faid a Mheas agus a Chur i gComparáid

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – fad, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Comhtháthú agus nascadh – matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | tomhas, fad, aonad tomhais, méadar, níos faide, níos gairide, garbh, meas, réise láimhe, fad coise, taifead, cuir i gcomparáid |
| **Áiseanna** | stiallacha páipéir, rollaí scipéid, cláir bhána beaga, marcóirí |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Agus Gníomhaíocht 1 mínithe do na daltaí agat, socraigh ar an tslí is fearr leis na torthaí a thaifeadadh.

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuirfear na daltaí i ngrúpaí de cheathrar. Déanfaidh gach grúpa fad a ndeasc a thomhas ag úsáid 2 aonad neamhchaighdeánacha, mar shampla réise láimhe agus fad coise. Nuair a roinnfidh agus cuirfidh na grúpaí a dtorthaí i gcomparáid, feicfidh siad go bhfuil na torthaí difriúil i ngach grúpa. Pléigh na himpleachtaí seo. Úsáid na leideanna atá ar fáil sna Ceisteanna Samplacha.

### 2 Gníomhaíocht 2

Pléigh an gá le haonaid chaighdeánacha tomhais, ag leanúint ó na ceisteanna a tháinig aníos i nGníomhaíocht 1. Mínigh do na daltaí gur aonad tomhais coitianta d'fhad é méadar agus taispeáin an fad seo agus stiall páipéir (rolla scipéid), téad, nó corda in úsáid. Dáil na faid mhéadar amháin seo do na beirteanna agus iarr orthu rudaí sa seomra ranga atá ar comhfhad le, níos gairide ná nó níos faide ná méadar amháin a mheas. Iarr orthu iad seo a rangú agus a thaifeadadh agus focail nó pictiúir in úsáid acu. Ansin, tomhaiseann siad na rudaí a mheas siad agus cuireann siad na fíorfhaid i gcomparáid lena meastacháin. Pléann na daltaí an méid atá faighte acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén fhad atá do dheasc ó thaobh réise láimhe de?<br>• Cé acu atá níos faide/níos gairide? Do dheasc nó do leabhar matamaitice?<br>• An bhfuil an bord níos faide nó níos gairide ná méadar amháin? | • Cén fáth a bhfuair muid freagraí difriúla nuair a d'úsáid muid ár réisí láimhe agus faid chos chun tomhas?<br>• Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach aonaid chaighdeánacha tomhais a úsáid?<br>• Conas a bhí do mheastacháin difriúil leis na fíorfhaid? An raibh patrún ann?<br>• Conas a d'athraigh do chumas rudaí a mheas? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.